Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**08887/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0139(NLE)**

**AVIATION 83**
**RELEX 614**
**ASIE 22**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 194 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gComhaontú Cuimsitheach Aeriompair idir Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, a shíniú, thar ceann an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 194 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 194 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.5.2022
COM(2022) 194 final

2022/0139 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gComhaontú Cuimsitheach Aeriompair idir Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, a shíniú, thar ceann an Aontais**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An Comhaontú Cuimsitheach Aeriompair idir Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit (CATA AE-ASEAN), tá sé tugtha i gcrích le caibidlíocht ag an gCoimisiún de réir mar a údaraíodh le cinntí ón gComhairle an 7 Meitheamh 2016 agus an 26 Bealtaine 2020.

Tá aersheirbhísí idir an tAontas agus Ballstáit ASEAN á n-oibriú faoi láthair ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha idir na Ballstáit agus Ballstáit ASEAN aonair.

Ina *Straitéis Eitlíochta don Eoraip*,[1] chuir an Coimisiún i dtábhacht gur 'trí bheartas eitlíochta seachtrach uaillmhianach a ghlacadh trí chomhaontuithe eitlíochta cuimsitheacha a chaibidliú, agus béim shoiléir á leagan ar na margaí fáis, is féidir leis an Aontas rannchuidiú le feabhas a chur ar rochtain ar an margadh agus ar dheiseanna infheistíochta don eitlíocht Eorpach i margaí tábhachtacha thar lear, rud a chuirfidh méadú ar nascacht idirnáisiúnta na hEorpa agus a dhéanfaidh dálaí margaidh cothroma trédhearcacha a áirithiú d'aerlínte an Aontais'. Chun leas a bhaint as na buntáistí sin, mhol an Coimisiún don Chomhairle a tús na caibidlíochta maidir le comhaontuithe cuimsitheacha aeriompair ar leibhéal AE a údarú, ar comhaontuithe iad le líon tíortha agus réigiún, ASEAN san áireamh. Tá an Comhaontú seo dírithe ar na haidhmeanna seo a leanas go háirithe:

- a áirithiú go mbeidh an iomaíocht chóir, an neamh-idirdhealú, an trédhearcacht agus an cothrom iomaíochta ann d'oibreoirí eacnamaíocha;
- an margadh a oscailt de réir a chéile ó thaobh rochtain ar aerbhealaí agus acmhainneachta de;
- an nascacht a fheabhsú, rud a rachaidh chun tairbhe do thomhaltóirí agus don gheilleagar.

Tháinig na hidirbheartaithe ar chomhaontú maidir le dréacht-téacs CATA AE-ASEAN ar an 2 Meitheamh 2021. Tiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm a luaithe a bheidh a bpróisis daingniúcháin nó formheasa faoi seach tugtha chun críche ag Ballstáit uile ASEAN, ag Ballstáit uile Aontais agus ag an Aontas féin. Mar sin féin, féadfaidh sé teacht i bhfeidhm don Aontas agus dá Bhallstáit, agus do Bhallstáit uile ASEAN seachas an Mhalaeisia, más é an Mhalaeisia an t-aon Bhallstát nach bhfuil sé daingnithe aige. Sa chás sin, thiocfadh an Comhaontú i bhfeidhm don Mhalaeisia freisin nuair a dhaingneodh sí é.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Mar a luaitear thuas, rinneadh an Comhaontú a chaibidliú ar bhonn údarú ón gComhairle maidir le tús a chur leis an gcaibidlíocht, tar éis moladh a fháil ón gCoimisiún, moladh arna chur i láthair mar obair leantach ar a *Straitéis Eitlíochta don Eoraip* ó 2015.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future* [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí] (COM(2020) 789 final), iarrtar mol nascachta an domhain a dhéanamh den Aontas. Mínítear

[1] *Straitéis Eitlíochta don Eoraip,* Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM(2015) 598 final, 7.12.2015.

sa Teachtaireacht, chun an cuspóir sin a bhaint amach, 'go bhfuil sé ríthábhachtach iomaíocht idirnáisiúnta neamhshaofa, cómhalartacht agus cothrom iomaíochta a áirithiú'. Níos faide ar aghaidh sa Teachtaireacht, tá an fógra go 'leanfaidh an Coimisiún freisin d'úsáid caighdeán teicniúil, sóisialta, comhshaoil agus iomaíochta Eorpach a chur chun cinn [...] sa chaidreamh le tíortha aonair nach bhfuil san Aontas, ar fud na modhanna iompair' agus 'leanfaidh sé de chaidreamh iompair a dhoimhniú, lena n-áirítear le príomh-chomhpháirtithe straitéiseacha [...], agus déanfaidh sé naisc le comhpháirtithe idirnáisiúnta nua a fhorbairt tuilleadh, amhail geilleagair ardfháis agus geilleagair atá ag teacht chun cinn'.

Tá Ballstáit ASEAN ar na geilleagair is mó fás ar domhan, agus is margadh é ina bhfuil os cionn 650 milliún duine le chéile. Agus 11.2 milliún paisinéir ann in 2019, is é ASEAN, i dteannta a chéile, an 13ú comhpháirtí eitlíochta is mó leis an Aontais, comhpháirtí a bhfuil acmhainn mhór acu fás tuilleadh. Foráiltear le comhaontuithe eitlíochta déthaobhacha atá ann faoi láthair idir na Ballstáit agus Ballstáit aonair de ASEAN do rochtain fhrithpháirteach éigin ar an margadh, rud nach ionann i gcónaí ó phéire tíortha amháin go péire tíortha eile. Thairis sin, ní leor na forálacha atá sna comhaontuithe déthaobhacha sin maidir le nithe is gá chun mí-úsáid ionaid margaidh léirscaoilte a sheachaint, nithe ar nós iomaíocht chóir, na trédhearcachta agus cúrsaí sóisialta.

Tugann CATA AE-ASEAN aghaidh, vis-à-vis ASEAN, ar chuspóir na Straitéise um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, is é sin mol nascachta an domhain a dhéanamh den Aontas.

Trí éascú a dhéanamh ar oibriú na nasc díreach idir an tAontas agus ASEAN, cuideoidh CATA AE-ASEAN le laghdú a dhéanamh ar an spleáchas ar nasceitiltí trí mhoil i dtríú tíortha. Ní hamháin go rachaidh sé sin chun tairbhe aeriompróirí an Aontais, ach laghdófar freisin an lorg comhshaoil a bheadh ag turais aonair AE-ASEAN, trí aerbhealaí eitilte a ghiorrú agus an líon oibríochtaí éirí de thalamh agus tuirlingthe a laghdú – i gcomhréir le cuspóirí na Straitéise um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste agus i gcomhréir le cuspóirí na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir leis *an gComhaontú Glas don Eoraip* (COM(2019) 640 final).

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Le Rialachán (AE) 2019/712 maidir le hiomaíocht san aeriompar a chosaint áirithítear, agus beartais á nglacadh ar a bhonn, go gcloífear le hoibleagáidí idirnáisúnta, lena n-áirítear oibleagáidí an Chomhaontaithe seo.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 100(2) i gcomhar le hAirteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Beidh tús áite ag forálacha an Chomhaontaithe ar fhorálacha ábhartha na socruithe a rinne idir na Ballstáit agus Ballstáit aonair de ASEAN cheana. Leis an gComhaontú seo táthar ag cruthú go comhuaineach coinníollacha comhionanna aonfhoirmeacha maidir le rochtain ar an margadh a bheidh i bhfeidhm maidir le haeriompróirí uile an Aontais agus ag cur ar bun socruithe nua le haghaidh comhar agus cóineasú rialála idir an tAontas agus Ballstáit ASEAN

i réimsí atá fíor-riachtanach ó thaobh oibriú sábháilte slán éifeachtúil aersheirbhísí de. Is ar leibhéal an Aontais amháin is féidir na socruithe sin a bhaint amach.

Is le gníomhaíocht de chuid an Aontais is fearr a ghnóthófar cuspóirí an togra, ar na cúiseanna seo a leanas.

Beidh feidhm ag an gComhaontú seo maidir leis na 27 mBallstát, agus dá bhrí sin, beidh feidhm ag na rialacha céanna gan idirdhealú agus rachaidh siad chun leasa d'aeriompróirí uile an Aontais, cibé náisiúntacht atá acu. Tá forálacha cuimsitheacha ann maidir le fóirdheontais, cleachtais fhrithiomaíocha agus trédhearcacht agus sásraí láidre chun iad a fhorfheidhmiú, rud a chuideoidh cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun le haghaidh aersheirbhísí idir an tAontas agus Ballstáit ASEAN, agus idir an tAontas agus cinn scríbe eile, arna n-oibriú trí Ballstáit ASEAN.

Leis an gComhaontú daingnítear tuilleadh rochtain d'aeriompróirí uile an Aontais ar dheiseanna tráchtála ar nós na ndeiseanna a bhaineann le seirbhísí láimhseáil ar an talamh, comhroinnt cód eitilte, idirmhódúlacht agus praghsanna a shocrú gan bhac. Lena chois sin tá forálacha maidir le cúrsaí sóisialta sa Chomhaontú atá ag teacht leis na forálacha i gcuid de chomhaontuithe trádála idirnáisiúnta an Aontais lena gceanglaítear ar na páirtithe a mbeartais shóisialta agus saothair a fheabhsú de réir na ngealltanas idirnáisiúnta atá tugtha acu, go háirithe na beartais sin arna ndéanamh i gcomhthéacs na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS). Agus ar deireadh, bunaítear leis creat le haghaidh comhar idir an tAontas agus Ballstáit ASEAN chun tionchar na heitlíochta ar an gcomhshaol a íoslaghdú, agus go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an eitlíocht.

Beidh aeriompróirí in ann seirbhísí paisinéirí agus lasta a oibriú gan bhac ó aon phointe san Aontas go Ballstáit ASEAN, laistigh de chreat rialála aonair an Chomhaontaithe, rud nach bhféadann siad a dhéanamh faoi láthair. Ar a bharr sin, féadfaidh aeriompróirí seirbhísí 'lasta uile' teoranta a oibriú go seachphointí, agus seirbhísí paisinéirí comhsheirbhísí go seachphointí, faoi réir teorainneacha minicíochta.

Nuair a chuirfear deireadh le srianta ar rochtain ar an margadh idir an tAontas agus Ballstáit ASEAN, ní hamháin go gcuirfidh gníomhaithe nua suim sa mhargadh agus go gcruthófar deiseanna ar bheith ag oibriú chuig aerfoirt ar beag an freastal orthu, ach éascófar an comhdhlúthú idir aeriompróirí an Aontais chomh maith.

- **Comhréireacht**

Neamhbhainteach.

- **An rogha ionstraime**

Comhaontú idirnáisiúnta.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara as gach cuid den slabhra luacha agus le comhpháirtithe sóisialta, ar a n-áirítear ceardchumainn go háirithe, chomh maith. Cuireadh tuairimí a nochtadh le linn an phróisis sin san áireamh.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleachtaí ag an togra i dtaca le buiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le hAirteagal 1 údaraítear síniú an Chomhaontaithe thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích.

Faoi Airteagal 2, cuirtear de cheangal ar Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí a bhunú chun an Prótacal a shíniú, faoi réir an Prótacal a thabhairt chun críche, do na daoine a thugann an Coimisiún le fios.

Le hAirteagal 3 formheastar dhá ráiteas, ráitis atá le déanamh thar ceann an Aontais tráth shíniú an Chomhaontaithe, maidir le teacht i bhfeidhm caoithiúil an Chomhaontaithe agus rún na bPáirtithe dlúthphlé agus dlúthchomhordú a choimeád ar bun maidir le freagairtí ar theagmhais ghéarchéime gan choinne d’fhonn aon éifeacht suaiteach ar aersheirbhísí a mhaolú, faoi seach.

Foráiltear le hAirteagal 4 do theacht i bhfeidhm an Chinnidh atá beartaithe.

2022/0139 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an gComhaontú Cuimsitheach Aeriompair idir Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, a shíniú, thar ceann an Aontais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218 (5), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Meitheamh 2016, d'údaraigh an Chomhairle tús a chur leis na caibidlíochtaí le Ballstáit ASEAN maidir le Comhaontú Cuimsitheach Aeriompair idir Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit (dá ngairtear an 'Comhaontú' anseo feasta).

(2) An 26 Bealtaine 2020, chuir an Chomhairle síneadh bliana le húdarú an 7 Meitheamh 2016.

(3) Tugadh an chaibidlíocht chun críche go rathúil an 2 Meitheamh 2021.

(4) Tá Ballstáit ASEAN ar na geilleagair is mó fás ar domhan agus tá acmhainn mhór ag a margaí aersheirbhísí tuilleadh fáis a dhéanamh. Is é is aidhm don Chomhaontú, go háirithe, a áirithiú idir an tAontas agus Ballstáit ASEAN go mbeidh iomaíocht chothrom ann, go n-éascófar oscailt an mhargaidh de réir a chéile, agus go méadófar an rochtain ar aerbhealaí agus acmhainneacht, rud a rachaidh chun tairbhe do thomhaltóirí agus don gheilleagar.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a chur i gcrích ar dháta níos déanaí.

(6) Ionas go mbeifear in ann na sochair iomlána a bhaint amach a luaithe is féidir leis an gComhaontú, ba cheart do na Páirtithe é a thabhairt i gcrích go pras. Chuige sin, meastar, i dtaca le síniú an Chomhaontaithe, go ndéanfaidh na Páirtithe ráiteas go ndéanfaidh siad gach beart is gá i gcomhréir lena ndlíthe agus a rialacháin is infheidhme an Comhaontú a thabhairt i bhfeidhm chomh fóirsteanach agus is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart an ráiteas sin atá le déanamh thar ceann an Aontais a fhormheas.

(7) Ina theannta sin, bhí freagairt neamh-chomhordaithe na dtíortha ar fud an domhain ar phaindéim COVID-19 thar a bheith suaiteach don tionscal eitlíochta. Chun suaitheadh den sórt sin a sheachaint i gcás géarchéimeanna amach anseo, tá gá le comhordú níos fearr idir an tAontas agus na príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta. I bhfianaise an mhéid sin, meastar, tráth shíniú an Chomhaontaithe, go ndéanfaidh na Páirtithe ráiteas ina gcuirtear in iúl go bhfuil sé ar intinn acu dlúthphlé agus dlúthchomhordú a dhéanamh, faoi chuimsiú an Chomhchoiste dá bhforáiltear faoin gComhaontú, maidir le freagairtí ar theagmhais ghéarchéime gan choinne, amhail paindéim COVID-19,

chun aon éifeacht suaiteach ar aersheirbhísí a mhaolú, a mhéid is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart an ráiteas sin atá le déanamh thar ceann an Aontais a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá sé formheasta leis seo an Comhaontú Cuimsitheach Aeriompair idir Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, a shíniú, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo mar Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Bunóidh Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí chun an Comhaontú a shíniú, faoi réir an Comhaontú a thabhairt chun críche, do na daoine a thugann an Coimisiún le fios.

*Airteagal 3*

Leis seo, déantar na ráitis atá le déanamh thar ceann an Aontais agus an Comhaontú á shíniú a fhormheas.

Tá téacsanna na ráiteas san áireamh i dTaifead na Ráiteas atá i gceangal mar Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*